# Mairg duine bhíos antuigseach

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha,* no. 75]

1 Mairg duine bhíos antuigseach, -
dhamh féin bheanas an focal;
ní le súil a santaigheann,
uch! ní leamsa an ní ad-chonnarc.

2 Téighim do thaobh m'ainbhfis-se
d'fhéachain mná na mbas mbairrsheang;
do b'fhearr gabháil thairsise,
seachnaidh súil ní nách bhfaiceann.

3 Mise ag déanamh antuigse,
drud ria ar fhuráil m'aignidh;
is lia fear dar bh'altaighthe
a leithéid uaidhe d'fhaicsin.

4 Dhise ar feadh m'amhairc-se
tarla mé, mór an uirrim;
nár fhaice súil anduine
feabhas na háite a bhfuilim.

5 Ar dhrud re a dreich shéaghanta
ó nách bhfuil árach agam,
gabhaim cead a féachsana, -
buidhe le bocht a bhfaghann.

6 I ngar dá cruth drithleannach
fada bhím 's gan bheith uaisti;
dar leat, is mé an t-ifreannach
do bhí fá bhun na cruaiche.

7 Dá mbeinn-se i n-áit aonaráin
's an bhean-san, gér thaom dána,
níor bh'fhearr an liaigh Iopragáid
ná mé san síneadh lámha.